Financial Guideline 2022/2023 - 30

Community & Comprehensive Schools and Voluntary Secondary Schools

VAT Compensation Scheme for Charities

This guideline supersedes Financial Guideline 33-2021/2022-VAT Compensation Scheme for Charities. This guideline provides further detailed guidance on calculating a claim for the VAT compensation scheme.

The Government Budget 2018 introduced the Charities VAT Compensation Scheme. Under the scheme, schools as charities may be able to reclaim some element of their VAT costs arising in 2022 **based on the level of *non-public* funding they receive**. Schools must exclude income and expenditure from canteens and tuck shops. A capped fund of €5 million will be available for the entire scheme in 2023. The government announced in September 2022 (Budget 2023) that the scheme, including the amount provided in the fund, will be continued. Where the total amount of claims in a given year exceeds the €5 million capped amount, charities will be paid on a pro rata basis, e.g. where the total value of claims by all charities for 2022 amounts to €10 million, each charity will receive 50% of their claim.

The scheme operates on a cash basis:

- Income received means actual monies received in the calendar year to which the claim relates.
- Expenditure paid means actual monies paid out in the calendar year to which the claim relates.

COVID-19

For the purposes of the Charities VAT Compensation Scheme payments received under TWSS and EWSS are not treated as income. These payments should be excluded from VAT Compensation Scheme calculations in respect of both total income and qualifying income amounts.

Claim Criteria

Claims under the scheme for the year commencing 1st January 2022 will be made in 2023 and will be paid one year in arrears.

For example, where a school's total income for 2022 comprises 70% funding from the State and 30% is privately sourced income including fundraising, voluntary subscriptions and donations, the school may claim 30% of the VAT they have been charged for the year. The VAT claimed must be on expenditure that is for the benefit of the school directly. The claim must be submitted before the **30th June 2023**.

Qualifying schools must be:

1. **registered with the Charities Regulator Authority (CRA) and**
2. **be registered with Revenue and hold a charitable tax exemption (CHY) and**
3. **have tax clearance status and**
4. **able to provide a set of audited accounts for the year in which the claim is being submitted**
5. **You must retain all books, records and documents relevant to your claim for a period of six years.**

For administrative purposes, claims valued below **€500** will not qualify.

Details on how to submit a claim to Revenue is available here.

Schools making a claim should make sure they are set up on ROS to do so ahead of time.

Community & Comprehensive Schools
Click here for instruction on how to calculate the claim figures

Voluntary Secondary Schools
Click here for instruction on how to calculate the claim figures

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU.

Tel: 01-269 0677

info@fssu.ie

20th April 2023

Treoirlíne Airgeadais 2022/2023 – 30

Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha

An Scéim um Chúiteamh CBL le haghaidh Carthanas

Tá an treoirlíne seo ag teacht in ionad threoirlíne 33-2021/2022 – An Scéim um Chúiteamh CBL le haghaidh Carthanas. Tugtar anseo tuilleadh treoir mhionsonraithe maidir le héileamh a ríomh faoin Scéim um Chúiteamh CBL.

Tugadh an Scéim um Chúiteamh CBL le haghaidh Carthanas isteach i gCáinaisnéis 2018. Faoin scéim sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna in ann, mar charthanais, cuid dá gcostais CBL in 2022 a éileamh ar ais **bunaithe ar leibhéal an mhaoinithe *neamhphoiblí* a fuair siad**. Ní mór do scoileanna ioncam agus caiteachas ó cheaintíní agus ó shiopaí sólaistí a chur as an áireamh. Beidh ciste nach mó ná €5 mhilliún ar fáil le haghaidh na scéime ina hiomláine in 2023. D'fhógair an rialtas i mí Mí Mheán Fómhair 2022 (Cáinaisnéis 2023) go leanfaí leis an scéim, lena n-áirítear an méid a chuirfí ar fáil sa chiste. I gcás go sáraíonn méid iomlán na n-éileamh i mbliain ar leith an uasteorainn €5 mhilliún, íocfar carthanais ar bhonn pro rata. Is é sin le rá, i gcás gurbh é €10 milliún luach iomlán na n-éileamh ó gach carthanas in 2022, gheobhaidh gach carthanas 50% dá n-éileamh.

Is ar bhonn airgead tirim a fheidhmíonn an scéim:

- Is éard is brí le hioncam a fuarthas ná airgead iarbhír a fuarthas sa bhliain féilire a mbaineann an t-éileamh léi.
- Is éard is brí le caiteachas a íocadh ná airgead iarbhír a íocadh amach sa bhliain féilire a mbaineann an t-éileamh léi.

COVID-19

Chun críocha na Scéime um Chúiteamh CBL le haghaidh Carthanas, ní chaitear le híocaíochtaí a fhaightear faoi TWSS ná faoi EWSS mar ioncam. Ba cheart na híocaíochtaí seo a eisiamh ó ríomh an ioncaim iomláin agus ó na méideanna incháilithe ioncaim le haghaidh na Scéime.

Critéir Éilimh

Aon éilimh faoin scéim don bhliain dar tús an 1 Eanáir 2022, déanfar iad in 2023 agus íocfar iad i riaráiste aon bhliana amháin.

Mar shampla, i gcás gur tháinig 70% d'ioncam iomlán scoile don bhliain 2022 ó mhaoiniú ón Stát agus go raibh 30% de ina ioncam arna fháil go príobháideach, lena n-áirítear tiomsú airgid, tabhartais agus síntiúis dheonacha, d'fhéadfadh an scoil 30% den CBL a gearradh orthu sa bhliain a éileamh ar ais. Ní ceadmhach an CBL a éileamh ach amháin ar chaiteachas a bhí chun tairbhe na scoile go díreach. Is gá don éileamh a bheith curtha isteach tráth nach déanaí ná **an 30 Meitheamh 2023**.

Ní mór do scoileanna incháilithe:

1. **a bheith cláraithe leis an Údarás Rialála Carthanas, agus**
2. **a bheith cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim agus díolúine chánach do charthanais (CHY) a bheith acu, agus**
3. **imréiteach cánach a bheith acu, agus**
4. **a bheith in ann cuntais iniúchta a sholáthar i leith na bliana a bhfuil an t-éileamh á chur isteach ina leith.**
5. **Ní mór duit gach leabhar, taifead agus doiciméad a bhaineann le d'éileamh a choinneáil go ceann tréimhse sé bliana.**

Chun críocha riaracháin, diúltófar d'éilimh a bhfuil luach níos lú ná **€500** i gceist leo.

Tá sonraí maidir le conas éileamh a chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil anseo.

Ba cheart do scoileanna atá ag déanamh éilimh a chinntiú roimh ré go bhfuil siad socraithe ar ROS chun é sin a dhéanamh.

Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

Cliceáil anseo chun treoir a fháil ar conas na figiúirí éilimh a ríomh

Meánscoileanna Deonacha

Cliceáil anseo chun treoir a fháil ar conas na figiúirí éilimh a ríomh

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.

Fón: 01-269 0677

info@fssu.ie

An 20 Aibreán 2023